

# AN GORTA MÓR IN ÉIRINN Á CHOMÓRADH

**Tréadlitir Easpag na hÉireann ar ócайд  
Dhomhnach Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir,  
24ú Meán Fómhair, 1995**

**"Agus dearmad dá ndéanfadh féin, ní dhéanfaidh  
mise dearmad ortsa go deo!"**

(Íseáia 49: 15 )

## Réamhrá

- Tá sé dlite orainn an chuid sin den stair gur linn féin é a chomóradh, agus na heachtraí is cosgraí tríd síos chomh maith, ionas gur féidir linn druidim i dtreo nuathodhchaí romhaínn a bhaint amach. Sin é an fáth a bhfuil tábhacht chomh mór sin ag baint le comóradh ar an nGorta Mór in Éirinn, comóradh a bhfuil túis á chur leis i mbliana, agus a bhfuil an Domhnach seo tiomnaithe dó.
- Is go ró-reidh ar fad a ligtear nithe i ndearmad. Ligimid i ndearmad áilleacht an Chruthaithe, iontas na beatha daonna, cúram daoine eile orainn, an ceangal atá orainn an mhaith do dhéanamh. Ach is mídhonna don saol sin a bhfuil a leithéid sin díchuimhne mar chuid dílis dó. Saol é atá faoi dhaorsmacht mar a mbíonn daoine gafa ag gach nós luaineach dá mbíonn thus ar ala na huaire, iad beagbeann ar a ndúchas agus ar a dtírial. I ndiaidh na fulaingthe a bhain leis an deoraíocht ó larúsailéim sa séú haois Roimh Chríost meabhráonn an salmaire dúinn an phráinn a bhaineann le comóradh a dhéanamh: "Go gceanglaí mo theanga de mo charball, mura gcuimhním ort" (Ps 137:6). Tá an méid sin dlite orainn gan an t-am atá caite a ligean i ndearmad ach é a shlánú.
- Is é fuli Chríost a shlánaigh sinn agus tagann an ghairm chugainn an slánú sin a bheith mar chuid den saol againn go firinneach trí lámh a shíneadh amach chucu siúd atá thíos, trí ghol a dhéanamh leo siúd a dhéanann gol, trí ualach an ansmachta a bhaint pé áit a gcastar orainn é. Déanaimid ár gcion ar an bpian a ghabhann le cuimhneamh ar an nGorta Mór in Éirinn a fhuascailt trínár súile a oscailt agus muid féin a chur ar an eolas maidir le gorta mar atá go firinneach sa saol timpeall orainn inniu. Is mar seo is fearr a dhéanfar comóradh – an t-am a chuaigh tharainn a aithint san am i láthair agus an t-am i láthair a aithint san am atá caite. De réir mar a chuirimid lenár n-eolas, feictear dúinn nach tarlú nádúrtha amháin é gorta. Ach is amhlaidh gur lean mór tosca – fite fuaité le chéile – is cúis leis, ar nós teip na

mbarraí nó é a bheith ina chogadh chomh maith le struchtúr shóisialta, pholaitiochta agus eacnamaíochta éagóra. Is mar seo a bhí an scéal ins na 1840aí agus is é an cás céanna inniu é.

## An Stair

- In aon chomóradh a mbeadh blas na firinne air ní mór a cheart féin a thabhairt do na heachtraí coscracha a tharla aimsir an Ghorta Mhóir. Ins na blianta a lean 1845 cailleadh milliún duine agus i rith an Ghorta Mhóir agus go gairid ina dhiaidh b'éisgean do thart ar dhá mhilliún duine an bád bán a thabhairt orthu féin. Ins na himeachtaí éagsúla comórtha a bheidh ar siúl againn, níl gar á shéanadh ná ní cóir do ní ar bith doiléire a chaitheamh ar an scrios a d'fhlulaing oiread sin de dhaonra na hÉireann ag an am.
- Is móide fós an gá atá againn le comóradh a dhéanamh mar ar feadh i bhfad níor tugadh cuntas iomlán ar an bpian a d'fhlulaing muintir na hÉireann ag an am – sin ní fágadh ar lár ar fad é ó chuntais staire. Ba bhéar luath a tosaíodh ar neamart a dhéanamh i gcrucháis mhuintir na hÉireann nuair a d'fhogair rialtas na linne deireadh a bheith leis an ngorta i samhradh na bliana 1847. Ba ar éigean a tógaíodh ceann ar bith den Ghorta ar ócайд chéad bliain an Ghorta Mhóir ins na 1940aí. Is féidir gur ghoill cuimhne an Ghorta Mhóir ró-mhór ar mhuintir na hÉireann san am sin. I mbliain seo comórtha an Ghorta Mhóir atá díreach ag tosú, tá deis againn ar an bpian sin a admháil agus a chomóradh mar is cóir.

## An Staid Comhaimseartha

- Ní thig le duine ar bith a bheith in amhras ach go mbaineann sé le hábhar i gcónaí a ndeachaigh daoine tríd i rith an Ghorta Mhóir againn féin, agus an gá atá le ceachtanna a fhoghlaim as mar is cuí, i saol atá fós á léirsriosadh ag gorta agus ag ocras. Domhan ina bhfuil saol na bhfuíoll, ach fós nach bhfuil a dhóthain le hithe ann ag 700 gcéad milliún duine gach lá; cailtear 40

milliún duine gach bliain le hocras agus le galair ghaolmhara; gan an cothú ceart ar thriant ionlán de pháistí san Afraic. Ón dtaití atá againn féin ar imirce de bharr gorta tá tuiscint faoi leith againn ar chruachás na ndídeanaithe in áiteanna ar fud an domhain inniu.

7. Is mór an scannal Dé é go háirithe nuair is féidir réamhinsint a dhéanamh anois ar a dtiteann amach go nádúrtha agus ar an ábhar sin gur féidir gorta a sheachaint ar shlite nárth ann dóibh ins na 1840aí. Leis an dul chun cinn sa teicneolaíocht is féidir réamhfaisnéis a thabhairt ar athruithe aeráide, ar chliseadh barraí agus ar an ábhar sin, ar réimsí tire gur dócha go mbeidh ganntanas bia iontu.

An áit a dtiteann gorta amach, is é an duine féin trí ghníomh nó le failí is cúis leis don chuid is mó. Ní nádúrtha an ní é gorta ná na huafáis a thagann dá bharr. Agus an fhírinne seo os ár gcomhair, d'fhóirfeadh sé dúinn teachtareacht Dara Comhairle na Vatacáine a mheabhrú a thuğann le fios dúinn gur chum Dia an domhan agus gach a bhfuil ann don uile duine le go ndéanfaí gach rud dar chruthaigh sé a roinnt go cóir faoi stiúir an chirt agus na carthanachta. (c.f. Gaudium et Spes n.69)

8. An rud atá á éileamh orainn inniu ná freagra dáiríre a thabhairt ar scannal an ghorta agus an ocras atá linn i gcónaí, freagra a théann i ngleic le bunchúiseanna an oilc seo. Ag meabhrú dúinn gurb í an bhochtaineacht an t-aon bhunchúis is mó a chuireann daoine i mbaol ó ghorta agus ó ghalar gaolmhar, déanaimid cáineadh ar chórais eacnamaíochta agus polaitíochta a fhágann oiread sin de dhaonra an domhain beo bocht. Mar a dúirt an Pápa Eoin Pól: "Níl aon éalú uaidh ach cáineadh a dhéanamh ar chórais a chuireann dlús leis an gcaoi a mbíonn saibhreas i ndán don bheagán agus bochtanas i ndán don chuid eile" (Sollicitudo Rei Socialis n.16)
9. Cáinimid chomh maith anáil mharfach thionscail na n-arm míleata a chothaíonn coimhlíntí a bhánaíonn oiread sin réigiún sa domhan arb iad na cinn is boichte iad. Cáinimid ach go háirithe táirgeadh agus úsáid mianach talún a mharaíonn breis is fiche duine gach lá agus atá ina bhac ar forbairt talmhaíochta in iliomad tiortha. Guímid go ndéanfaidh ceannairí an domhain éileamh ar chosc ionlán ar tháirgeadh, ar dhíol agus ar úsáid arm mar iad, a dhéanann scrios gan idirthealú, ag an gcuinniú U.N. a thiocfaidh le chéile an tseachtaí seo chugainn leis an gceist a phlé.. Faoi mar a dearbhaíodh ag Comhairle na Vatacáine, gurb é an éagóir is cruthanta é: "An fhaid atá suimeanna airgid gan áireamh á gcaitheamh ar ullmhú arm nua de shíor, ní féidir teacht ar aon réiteach sásúil ar a bhfuil d'anró i saol ár linne" (Gaudium et Spes n.81)
10. Tá cáineadh mar an goéanna le déanamh ar léirsíos na timpeallachta nach ndéanann freastal ach ar leas eacnamúil gearrteármach an bheagán a bhfuil fábhar

acu, an fhaid a thagann iliomad daoine níos mó faoi anáil an ghorta agus an ocras. Seachas an t-iompar millteach seo tá gá le hiompú firinneach chun obair an chirt, na síochána agus chun ionlán an chruthaithe.

### **Freagra na hEaglaise**

11. Le blianta fada tá sé aitheanta ar fud an domhain a fheabhas atá muintir na hÉireann ag freagairt go fial do chruachás na mbocht agus iad siúd atá faoi thulaingt ar fud an domhain. Ábhar suntais faoi leith é an fhreagairt fírialt seo le linn gorta, tráth a bhfuil fíor-chuidíú tugtha ag muintir na hÉireann trí chabhair airgid agus eile ar na haisíneachtaí éagsúla fóirthinte agus forbartha. Le Trócaire ach go háirithe, cuireann an Eaglais roimpi freagairt do ghorta ar thrí leibhéal faoi leith: trí chabhair éigeandála a chur ar fáil le freagairt láithreach do riachtanais phraiticiúla bia, chóir Leighis, agus foscaidh; trí thionscnaimh forbartha fad-téarmacha atá dírithe ar atóigál phobal; trí bhíthin clár talmhaíochta, sláinte agus oideachais; trína phléideáil go fáidhiúil ar son chúis na muintire atá thíos leis, trí na struchtúir pholaitíochta agus eacnamaíochta a chuidíonn leis an tubaiste a cháineadh go poiblí.
12. Tá an méid seo ar fad ag teacht le sainordú Trócaire: "Ní leor cúnamh airgid agus éigeandála amháin a chur ar fáil do na tíortha forbarthacha. Lena chois sin tá gá le freagra polaitíúil ó rialtais atá dírithe ar na fadhbanna struchtúr seanbhunaithe ar a bhfuil bochtaineacht an domhain tóghtha. (Tréadlitir Easpag na hÉireann ar ócáid chomóradh bliain is fiche Trócaire, Márt 1994, n.13).
13. Ní mór dúinn diúltiú d'aon dul i ngleic indibhidiúlach le fadhb an ocras sa domhan a thugann le fios nach aon chuid dár ngnó é soláthar do dhaoine eile, ar an ábhar go bhfuil an dul i ngleic sin míchríostaí ó fhréamh. Ní mór dúinn, chomh maith céanna, diúltiú d'íarracht ar bith a thugann faoi aon mhaolú a dhéanamh ar thábhacht na polaitíochta i gcinniúnt an scéil. Ón gcleachtadh atá againn féin in Éirinn agus ó thaithí muintireacháin an domhain, anuas go dtí ár linn féin, is léir dúinn gur féidir le dea-rialtas gorta a sheachaint san-áit a gcuirfidh ríaltas lofa go mór lena thionchar.

### **Glaoch chun Gnímh**

14. Éilíonn roinnt bhuncheisteanna freagra orainn sa saol inniu. Ní mór cáineadh neamhbalbh a dhéanamh ar laincis na n-aisíocaíochtaí fiacha, arb é a thoradh i bhfad níos mó airgid a bheith á bhaint ag na tíortha is saibhre de na tíortha forbarthacha ná mar a thugann siad ar ais in airgead cúnamh. Ní mór an cúnamh a thugaimid uainn do na tíortha forbarthacha a bheith comhchruiinnithe agus, ina theannta sin, an cúnamh sin a dhíriú go héifeachtach ar bhun-chúiseanna an ocras a chur ar ceal. Nuair atá deireadh le gorta, ní thig linn gan ach cúnamh a thabhairt uainn sa ghearrtéarma, ach ina ionad sin ní mór dúinn é a chur de cheangal

orainn féin na pobail logánta a athbhunú ar chaoi is fearr a dhéanfaidh cosaint ar theacht na tubaiste in athuair.

15. De réir mar atá an t-Aontas Eorpach ag leathnú amach i gcónaí, tarlaíonn d'Éirinn í a bheith ag croílár cheann de mhór-chumhactaí eacnamaíochta agus polaitíochta an domhain. Tá sé de theist ar Éirinn go sainiúil i measc na mballstát go bhfuil dáimh aici leis na tíortha forbarthacha, ins an loisceadach croí ba chás dóibh araon, lenar thulaing Éire de léirsrios uafar gan áireamh agus ar lean de i gcónaí. Agus Rialtas na hÉireann ag réiteach le dul i mbun Uachtaráinacht an Aontais Eorpach mí Iúil 1996, creidimid nár mhiste dó an bhaint idir saibhir agus daibhir an domhain a ghlacadh chuige mar bhuntéama na hUachtaráinacht sin. Ag tráth seo comórtha an Ghorta Mhór in Éirinn, tá an-chaoi ag Éirinn labhairt go fáidhiúil ar na cúrsai seo. Má labhraímid le misneach ar a son siúd atá faoi ocras sa domhan inniu, is mar sin is fearr a dhéanfaidh fíor-chomóradh orthu siúd dár muintir a cailleadh le gorta.

### Comóradh sa Liotúirge

16. Is é Liotúirge na hEaglaise agus an Eocairist ach go háirithe an comóradh buan is deise dá bhfuil againn. Ag glacadh leis gurb é an t-arán mórsiombal láir ár gcreidimh, agus gurb é briseadh an aráin an deasghnáth deifínídeach dá bhfuil againn, níor chóir dùinn riamh fírinne lom an ocras a luionn chomh trom sin ar oiread sin daoine a ligean ró-fhada ó chuimhne. Ins na blianta amach anseo déanaimis ár ndícheall cuimhneamh orthu siúd atá thíos le hocras sa saol láithreach le go mbeidh ár gcomóradh ar an nGorta Mór ina chomóradh Eocairisteach gan cháim.
17. Tá a lán gur féidir linn a dhéanamh i gcomhar le pobail an pharóiste. Comhartha sóirt a bhaineann le Caitliceachas na hÉireann is ea dul ar oilthireacht, agus a thábhacht faoi leith féin ag baint le láithreacha oilithreachtaí aithrí ar nós Loch Deirg, Chruach Phádraig, nó tobar beannaithe áitiúil. An tráth seo comórtha, thiocfadh le dreamanna liotúirge paróiste cuairt a eagrú ar láthair ghorta, áit a mbeadh deis ar an Eocairist a cheiliúradh mar fhíor-fobairt comórtha. Dob fhéidir liotúirge pháistí agus na n-óg a ullmhú agus gorta mar théama ann ach cur chuige le samhláocht. Dob fhéidir le meithil atá ag saothrú ar son an chirt ár dtraigisiún ársa a bhaineann le troscadh a dhéanamh a athbheochan – traidisiún atá chomh préamhaithe sin inár dteanga go luaitear laethanta na seachtaine le troscáil éagsúla: Dé Céadaoin (an chéad troscadh); Déardaoin (an lá idir an dá throscadh), Dé hAoine (an

troscadh féin). Diúltú glan is ea déanamh an troscadh seo d'aon dúil san ábharachas indibhidiúlach atá chomh tréan sin i saol na linne seo.

18. Gach Domhnach cloisimid Briathar Dé á fhogairt agus inniu, ar Dhomhnach seo ár gcomóradh, is tréan mar a théann an teachtaireacht abhaile orainn. Cáineann Amós, fáidh de chuid na hochtú haoise roimh Chríost, iad siúd a shatlaíonn ar na hainmneoirí chun bochtáin na tíre a dhíothú, iad ar bís leis an tSabóid a bheith thart, le gur féidir leo teacht i dtír orthu siúd is mó atá in ainnise (Amós 8:4ff). 3,000 bliain níos deireannaí geall leis, dob fhéidir gach focal de chuid Amós a lua leis na ceangail atá idir na tíortha is saibhre agus an domhan forbarthach.
19. Misníonn Naomh Pól muid guí ar a son siúd atá i mbun údarás stáit – ríthe agus an lucht ceannais uile – (1 Tiom 2 : 1ff). Tá seo amhlaidh mar go bhfuil gá againn le ceannairí a fhéachfaidh thar teorainneacha cunga a bhféinleasa agus a ghlacfaidh macántacht, ionracas agus an ceart chucu féin. Cuireann soiscéal Lúcais fairic orainn maidir leis an mhaoirseacht a dhéanaimid ar an domhan, agus an baol a bhaineann le Dia a riarradh agus an t-airgead (Lúcás 16 : 1ff). Éilíonn adhradh an aoín fhíor-Dhia amháin ionracas orainn i nithe beaga agus móra le chéile. Éist le glaoch an tsalmaire: “Tógaí sé an t-íseal aníos as an deannach; ardaíonn sé den charn aoiligh an duine dealbh, á chur ina shuí i bhfochair a phrionsa” (Ps 113 : 7). Ní dhéanann an Tiarna Dia dearmad orthu siúd a tharlaíonn ar “charn aoiligh” na beatha dóibh. Is muide a dhéanann dearmad agus is sinne a bhfuil gá againn le comóradh a dhéanamh.

### Conclúid

20. Leathchéad bliain ó shin fágadh cuid mhaith den domhan scoilte de thoradh an Dara Cogadh Domhanda. Is léir ón rosc “Riamh Ná Choíche Arís” an freagra a spreag an cogadh sin, agus a spreag bhunú na Náisiún Aontaithe go díreach, chomh maith le réamhtheachtairí an Aontais Eorpach. Is iad na hinstítiúidí seo a chinntigh nach dtarlódh tubaiste ábhalmhór mar é arís. Is lú trácht a bhíonn ar an tubaiste a eascraíonn ó bhás den ocras agus ó ghalar gaolmhar ach is é an tubaiste mharfach chéanna é go díreach. Anois an t-am dùinn, agus cuimhne ár staire féin mar spreagadh againn, agus an dáimh sin atá againn le muintir an domhain atá faoi bhochtanas agus faoi ocras, atá curtha in iúl againn trí mheán Trócaire agus áiséineachtaí eile, le “Riamh Ná Choíche Arís” a rá le tubaiste chiúin ocras an domhain.

Thar ceann Chomhdháil Easpag na hÉireann:

- † **CATHAL CAIRDINÉAL Ó DÁLAIGH**, Ard-Easpag Ard Mhacha
- † **DEASÚN Ó CONAILL**, Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath
- † **DIARMAID Ó CLÚMHÁIN**, Ard-Easpag Chaisil
- † **MÍCHEÁL MAC NÁRAIGH**, Ard-Easpag Thuama



Inniu tá os cionn 700 milliún duine faoi ocras sa domhan.  
Is mó ná eachtra ón stair dóibh siúd é. Sin mar atá acu gach lá..

Cuireann **TRÓCAIRE** trí chuspóir roimhe chun dul i ngleic leis an mór-ocras seo:

1. Le soláthairtí éigeandála bia, uisce glan, foscaidh agus córacha leighis.
2. Trí thacú le tionscnaimh thalmhaíochta, chúnaimh sláinte agus litearachta a chabhraíonn le teacht an ghorta in athuair a chosc agus a thugann dóchas as an todhchaí do dhaoine.
3. Trí mhuintir na hÉireann a chur ar an eolas faoi fhíor-chúiseanna an bhochtanais agus an ghorta.

Ó 1973 anuas tá IR£30 milliún curtha ar fáil ag **TRÓCAIRE** le gorta a throid agus a chosc.

Le tacaíocht uaitse do **THRÓCAIRE** tugtar dúshlán an ocras agus na héagóra sa domhan inniu.



Gníomhaireacht Chaitliceach D'Fhorbairt Domhanda

169 Ascal Bhaile an Bhóthair,  
Contae Átha Cliath.  
Teil: (01) 288 5385

9-95, 6m

Ionad Thrócaire, 12 Sráid na hArdeaglaise,  
Baile Átha Cliath 1.  
Teil: (01) 874 3875.

Ionad Thrócaire, 12 Sráid an Rí, Beal Feirste BT1 6AD.  
Teil: Beil Feirste 238586.

Ionad Thrócaire, 9 Sráid Chúic, Corcaigh.  
Teil: (021) 238586.